**M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.00**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |


## ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** (40 marc)




| Uimhir | Litir |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **9** | |
| **10** | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (50 marc)

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

Príomhoifig,
Cloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7,
23 Bealtaine 2000.

Máire Nic Eoin,
12 Bóthar na hEaglaise,
Loch Garman.

A Mháire, a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 13ú lá agus an curriculum vitae a bhí istigh léi.

Tá mé an-sásta a chloisteáil gur mhaith leat a bheith i do thiománaí le Bus Éireann.

Bhí tú ag obair mar rúnaí in oifig ar feadh píosa, ach b'fhearr leat a bheith amuigh ag bualadh le daoine i do chuid oibre. Maith thú! Táimid ag lorg daoine mar thusa faoi láthair.

Beidh scrúdú iontrála le déanamh agat i mBaile Loch Garmain ar an 10 Iúil. (Tabhair leat do cheadúnas tiomána.) Má éiríonn leat sa scrúdú sin, cuirfear faoi scrúdú dochtúra tú am éigin i mí Mheán Fhómhair.

Mura bhfuil fadhb shláinte ar bith agat, gheobhaidh tú áit ar chúrsa traenála a bheidh ag tosú i mBaile Átha Cliath ar an 3 Deireadh Fómhair. D'fhéadfá a bheith ag tiomáint bus dúinn faoi Nollaig!

Is mise
*Bríd Ní Mháille*
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil príomhoifig Bhus Éireann ?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Loch Garman | |
| Cloch Mhór | |

**2.** Cén post a **bhí** ag Máire ?

| | |
|---|---|
| rúnaí | |
| tiománaí | |
| oifigeach pearsanra | |

**3.** Cén dáta ar scríobh Bríd Ní Mháille a litir ?

| | |
|---|---|
| 12 Bealtaine | |
| 13 Bealtaine | |
| 23 Bealtaine | |

**4.** Cad a chaithfidh Máire a thabhairt léi ar an 10 Iúil ?

| | |
|---|---|
| curriculum vitae | |
| ceadúnas tiomána | |
| litir iarratais | |

5. Cad a bheidh ar siúl ar an 3 Deireadh Fómhair ?


| | |
|---|---|
| scrúdú iontrála | |
| scrúdú dochtúra | |
| cúrsa traenála | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

# Tar go hÁth Luain

## agus fan linne in

## 'Óstán an Chaisleáin'



Cráite sa chathair? Tuirseach den trá? Fág slán acu! Tá Áth Luain suite díreach i lár na tíre agus tá Óstán an Chaisleáin i gceartlár an Bhaile!

Tógadh an caisleán álainn seo céad bliain ó shin, agus rinneadh óstán de deich mbliana ó shin. Tá seasca seomra codlata againn le meaisín caife agus triomadóir gruaige i ngach seomra. Tá meaisín faics inár seomraí "gnó" amháin.

Téigh ag marcaíocht ar chapall, nó ag imirt gailf ar an gcúirt 18 poll, nó ag baint mhóna ar an bportach, má tá an fuinneamh ionat! Ansin ith béile álainn inár mbialann Iodálach, "*Pasta Feasta*", nó ól deoch rómánsúil inár mBistró Francach/Gaelach, "*Chez Vous*".

TUILLEADH EOLAIS : 0902-12345

**Ceisteanna:**

1. Cá bhfuil Áth Luain ?

| | |
|---|---|
| i lár na cathrach | |
| in aice na farraige | |
| i lár na tíre | |

2. Cé mhéad seomra codlata atá san óstán ?

| | |
|---|---|
| 10 | |
| 60 | |
| 100 | |

3. Cén rud **nach** bhfuil i ngach seomra ?

| | |
|---|---|
| meaisín caife | |
| triomadóir gruaige | |
| meaisín faics | |

4. Cad a bheidh ar siúl agat ar an bportach ?


| | |
|---|---|
| ag marcaíocht | |
| ag imirt gailf | |
| ag baint mhóna | |

5. Cén sórt bia atá le fáil sa bhialann "Pasta Feasta" ?

| | |
|---|---|
| Bia Iodálach | |
| Bia Francach | |
| Bia Gaelach | |

**(c)** Léigh **an scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

## Bean Sábháilte ag Pinsinéir Sasanach



Léim turasóir as Sasana isteach in abhainn na Life trathnóna inné chun bean a shábháil.

Tháinig Thomas O'Rourke – ó Hastings, Sasana – go hÉirinn inné ar laethanta saoire. Shroich sé Éire thart ar mheánlae.

Bhí sé ag dul thar Dhroichead Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath thart ar leathuair tar éis a trí sa tráthnóna nuair a chonaic sé bean ag dul thar an mballa agus isteach san uisce.

Isteach le Thomas ina diaidh agus shnámh sé go dtí an bhean bhocht.

Idir an dá linn, bhí an scéal cloiste ag David Keogh (24), garda slándála i siopa Centra i Sráid Westmoreland. Léim David isteach san uisce freisin agus thug sé féin agus Thomas an bhean bhocht i dtír.

Seo é an dara huair do Thomas – atá 71 bliain d'aois – duine a shábháil san uisce. Sna seascaidí shábháil sé cailín beag i linn snámha sa Bhreatain.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit ar tharla an eachtra seo tráthnóna inné ?

| | |
|---|---|
| in abhainn na Life | |
| i siopa Centra | |
| i linn snámha | |

**2.** Cad as do Thomas ?

| | |
|---|---|
| Éire | |
| Sasana | |
| An Bhreatain Bheag | |

**3.** Cén t-am a shroich Thomas an tír seo ?

| | |
|---|---|
| 12.00 a.m. | |
| 3.30 p.m. | |
| 6.00 p.m. | |

**4.** Cén post atá ag David Keogh ?

| | |
|---|---|
| siopadóir | |
| garda slándála | |
| garda trá | |

**5.** Cén aois é Thomas ?

| | |
|---|---|
| fiche a ceathair | |
| caoga a dó | |
| seachtó a haon | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (60 marc)

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)



Rugadh an ceoltóir cáiliúil **Bob Geldof** i nDún Laoghaire sa bhliain 1953. Ba é an duine ab óige de thriúr páistí é. Ceannaí teicstílí ba ea a athair i mBaile Átha Cliath. Ní raibh Bob ach sé bliana d'aois nuair a fuair a mháthair bás.

Bhí Bob ag breathnú ar an teilifís lá. Chonaic sé daoine cráite nach raibh aon rud acu. Seandaoine. Páistí óga. Ní raibh greim bia acu, fiú amháin. Tháinig na deora le Bob.

Nuair a bhí an clár thart, ar seisean leis féin: "Ní leor deora! Caithfear rud éigin a dhéanamh!" Tháinig sé féin agus **Midge Ure** le chéile. Chum siad amhrán, *Do They Know it's Christmas?* Thuill siad na milliúin punt. Chuir Bob an t-airgead go léir go dtí an Afraic.

Chuir sé dhá cheolchoirm ar bun in 1985, ceann sna Stáit Aontaithe, agus ceann eile i Sasana. **Live Aid** a thug sé ar an gceolchoirm. Bhí daoine ag breathnú ar Live Aid ar fud an domhain – níos mó ná 160 tír ar fad. Tháinig na puint isteach ina milliúin agus ina milliúin…

**Ceisteanna:**

**1.** Cén post a bhí ag **athair** Bhob Geldof ?

| | |
|---|---|
| ceoltóir | |
| ceannaí teicstílí | |
| bailitheoir cánach | |

**2.** Cén aois a bhí Bob nuair a fuair a mháthair bás ?

______________________________________________

**3.** Cá bhfaca Bob na daoine cráite ?

| | |
|---|---|
| ar an teilifís | |
| i nDún Laoghaire | |
| i mBaile Átha Cliath | |

**4.** Cad a rinne Bob leis an airgead a thuill an t-amhrán sin ?

| | |
|---|---|
| Chaith sé é | |
| Chuir sé go dtí an Afraic é | |
| Cheannaigh sé crann Nollag | |

**5.** Cén bhliain a chuir Bob Live Aid ar siúl ?

| | |
|---|---|
| 1953 | |
| 1960 | |
| 1985 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

## – SÉANNA –



Bhí fear ann fadó agus is é an t-ainm a bhí air ná Séanna. Gréasaí bróg ba ea é. Lá dá raibh sé ag déanamh bróg, thug sé faoi deara nach raibh a thuilleadh leathair aige.

Chuaigh sé amach ar maidin agus bhí trí scilling aige ina phóca, agus ní raibh sé ach míle ón teach nuair a bhuail duine bocht leis, ag iarraidh déirce. Thug Séanna scilling dó agus ansin ní raibh aige ach dhá scilling.

Ní raibh sé ach míle ó bhaile nuair a bhuail bean bhocht leis agus í cosnocht.

Bhí trua aige di agus thug sé scilling di.

Níorbh fhada gur casadh leanbh air agus é ag gol le fuacht agus le hocras. Bhí teach ósta i ngar dóibh agus chuaigh Séanna isteach ann agus cheannaigh sé builín aráin agus thug sé chun an linbh é.

Nuair a fuair an leanbh an t-arán d'athraigh a dheilbh. D'fhás sé suas go hard agus las solas iontach ina shúile, i dtreo gur tháinig scanradh ar Shéanna.
"Cad é an saghas duine tusa?" a dúirt sé.
Agus is é an freagra a fuair sé:
"Aingeal is ea mise. Is mise an tríú haingeal ar thug tú déirc dó inniu."

as: **Séanna** le Peadar Ó Laoghaire

**Ceisteanna:**

**1.** Cén obair a bhíodh ar siúl ag Séanna? Bhíodh sé …

| | |
|---|---|
| ag déanamh bróg | |
| ag déanamh leathair | |
| ag déanamh tuáillí | |

**2.** Cá raibh sé nuair a bhuail duine bocht leis a bhí ag iarraidh déirce ?

_______________________________________________

**3.** Cé mhéad airgid a thug sé don *bhean chosnocht* ?

| | |
|---|---|
| scilling | |
| dhá scilling | |
| trí scilling | |

**4.** Cén fáth a raibh an leanbh ag gol? Mar …

| | |
|---|---|
| bhí sé fuar agus ocrach | |
| bhí scanradh air | |
| bhí sé tuirseach | |

**5.** Cad a cheannaigh Séanna sa teach ósta ?

| | |
|---|---|
| leathar | |
| arán | |
| solas | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

**AN RÍOMHAIRE**

Bhíodh fuath agam don ríomhaire.
Ní leagfainn air fiú méar,
Bhíodh sé mar bheadh arrachtach
Istigh sa seomra saor.


Gur imigh uainn thar sáile
Ar imirce go buan
Ár n-iníon álainn Áine
Go cathair mhór an Úill.

Fuair sí post in Wall Street
I measc na ríomhairí,
Airgead á áireamh aici
Is scaireanna á ndíol.

I ndeireadh an tráthnóna,
Tar éis obair mhór an lae,
Faigheann sí seans chun scéala a chur,
Go dtí a muintir féin.

Anois is cara liom an ríomhaire
Is aoibhinn liom a ghéim,
Mar tugann sé dea-scéala chugainn,
Isteach sa seomra saor.

(le **Nóirín Uí Cheallaigh**)



**Ceisteanna:**

**1.** Cad a cheap **Nóirín** den ríomhaire ?

| | |
|---|---|
| Bhí grá aici dó. | |
| Bhí fuath aici dó. | |
| Bhí trua aici dó. | |

**2.** Cé hí Áine ?

| | |
|---|---|
| a cara buan | |
| a hiníon álainn | |
| a deirfiúr mhór | |

**3.** Cad a fuair Áine i Wall Street ?

| | |
|---|---|
| a lán úll | |
| post | |
| cathaoir nua | |

**4.** Cén uair a chuireann sí scéala chuig a muintir ?

| | |
|---|---|
| roimh dhul ag obair | |
| tar éis obair an lae | |
| ag deireadh na seachtaine | |


**5.** Cén seomra sa teach ina bhfuil an ríomhaire ?

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**


FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST (4, 5 *agus* 6).

**<u>CEIST 4</u>** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.



Cén rud ?
Cén áit ?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Carrie Crowley

Cé hí bean an tí?





Cad a tharlóidh don airgead ?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**<u>FÓGRA</u>**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.





Is tusa an duine a fuair an cuireadh seo ó Niall. Scríobh **FREAGRA** ar an gcuireadh sin ag insint do Niall:

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cén uair a fuair tú an cuireadh ? | } | Pict. 1 |
| - | An raibh áthas nó brón ort é a fháil ? | | |
| - | An mbeidh tú ábalta dul ann ? | } | Pict. 3 |
| - | Cad a dúirt d'athair faoi theacht abhaile ? | | |
| - | Cén uair a fheicfidh tú Niall ? | } | Pict. 4 |
| - | Cén áit a bhfeicfidh tú é ? | | |

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa atá ag obair sa gharáiste seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin ngaráiste agus an áit a bhfuil an garáiste. } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú. } Pict. 2
- Faoin airgead a fhaigheann tú agus faoi na daoine eile atá ag obair sa gharáiste } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair le ríomhairí. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá thíos.
[**<u>Nóta</u>:** Is tusa Sam de Buitléir]

## "Ríomhairí don Nua-Aois" Teoranta
### Foirm Iarratais

Ainm: *Sam de Buitléir* Uimhir theileafóin ……………………………………….

Seoladh: ……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

Aois: …………………………………… Dáta Breithe:……………………………………

Airde:…………………………………… Meáchan:………………………………………

An gcaitheann tú spéaclaí?……………………………………………………………..

Cá ndeachaigh tú ar scoil?……………………………………………………………….

Ainmnigh **sé** ábhar a rinne tú ar scoil ………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

An bhfuil ríomhaire agat sa bhaile ? …………………………………………………

An ndearna tú cúrsa ríomhaireachta riamh ? ……………………………………….

An mbeidh tú sásta traenáil bhreise a dhéanamh ?…………………………………

An dtuigeann tú conas *Windows '98* a úsáid ? ………………………………………

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí Lúnasa is fearr leat le haghaidh agallaimh. **14ú, 15ú, 16ú, 17ú**

Luaigh <u>trí</u> chaitheamh aimsire atá agat …………………………………………………

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair le ríomhairí.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Síniú : *Sam de Buitléir*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair ag an Lá Oscailte seo. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**LÁ OSCAILTE NA SCOILE**




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ar do bhealach go dtí an linn snámha. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo don "Nuachtlitir Áitiúil" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoina pictiúir.



| | | | |
|---|---|---|---|
| lá breá | crann | thit | otharcharr |
| tuáillí | ag pleidhcíocht | ghlaoigh | tuismitheoirí |

**EACHTRA A THARLA**

M88A
**DON SCRÚDAITHEOIR**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SCRÚDUIMHIR** ☞ | | **Iomlán na Marcanna** | |

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

---

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CLUASTUISCINT (180 marc)**

---

**DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

---

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | | | | | | | | | | | | | |


---


**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT - (180 marc)

Freagair **<u>gach</u>** ceist.  Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an téip.  Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post ba mhaith le hÁine?










**Ceist 1 (b)** Cá ndéanfaidh Áine a cuid traenála?

| | |
|---|---|
| i bPort Láirge | |
| i Luimneach | |
| sa Teampall Mór | |

**Ceist 2 (a)** Cén sórt monarchan atá i gceist anseo?




**Ceist 2 (b)** Cá mbeidh an mhonarcha nua á tógáil?

| | |
|---|---|
| in Éirinn | |
| sa tSeapáin | |
| in Albain | |

**Ceist 3 (a)** Cad a bheidh ar siúl san RDS Dé Domhnaigh?










**Ceist 3 (b)** Cad a bheidh ar siúl ag Shauna Lowry ann?


| | |
|---|---|
| fear an tí | |
| moltóir | |
| amhránaí | |

**Ceist 4** Cá bhfuil an fear ag dul?











**Ceist 5** Cá bhfuil Stáisiún na nGardaí?



**Ceist 6 (a)** Cén chaoi a raibh an aimsir aréir?











**Ceist 6 (b)** Cé a bhí míshásta faoin scéal?

| | |
|---|---|
| na gardaí | |
| na tiománaithe | |
| na tuismitheoirí | |

**Ceist 7 (a)** Cad a bheidh ar siúl Dé Céadaoin?










**Ceist 7 (b)** Cé a chanfaidh an t-amhrán síochána?

| | |
|---|---|
| Paul Brady | |
| na scoláirí | |
| Phil Coulter | |

**Ceist 8 (a)** Cad a bhí ar siúl i Sligeach inné?







**Ceist 8 (b)** Cad a bhuaigh Mark Scanlon san Ísiltír?

| | |
|---|---|
| gradam speisialta | |
| bonn óir | |
| rothar nua | |

**Ceist 9 (a)** Cá bhfuil Máire de Bhailís ag obair?








**Ceist 9 (b)** Cé mhéad airgid a gheobhaidh gach duine díobh?

| | |
|---|---|
| £200,000 | |
| £300,000 | |
| £500,000 | |

**Ceist 10 (a)** Cá bhfuil Liam inniu?

| | |
|---|---|
| ar scoil | |
| sa bhaile | |
| ar an tsráid | |

**Ceist 10 (b)** Cén uair a bheidh an scrúdú ar siúl, dar le Máire?

| | |
|---|---|
| inniu | |
| Dé Céadaoin | |
| Dé hAoine | |

**Ceist 11 (a)** Cé a bhí ag caitheamh tobac?

| | |
|---|---|
| Áine | |
| Eoin | |
| na custaiméirí | |

**Ceist 11 (b)** Cá bhfuil Eoin ag dul anois díreach?

| | |
|---|---|
| chuig an bpictiúrlann | |
| abhaile | |
| chuig an mbialann | |

**Ceist 12 (a)** Cén dáta a mbíonn a bhreithlá ag Peadar?

| | |
|---|---|
| 12ú lá | |
| 13ú lá | |
| 17ú lá | |

**Ceist 12 (b)** Cad a cheannaigh a uncail Liam dó?

| | |
|---|---|
| ceamara | |
| cluiche ríomhaireachta | |
| geansaí nua | |